# FÓGRA NUACHTÁIN

# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)**

**NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ) - CUID 8**

**Iarratasóir:** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – An Rannóg Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíochta, an 4ú hUrlár, 3 Sráid an Pháláis, Baile Átha Cliath 2.

**Suíomh:** Páirc Chnocán Uí Dhálaigh, Baile Phib, Baile Átha Cliath 7.

**Togra:** De bhun cheanglais na reachtaíochta thuas, tugtar fógra leis seo maidir le hathfhorbairt Pháirc Chnocán Uí Dhálaigh, Baile Phib, Baile Átha Cliath 7. Tá píosa beag den láithreán (146 méadar cearnach) suite i Limistéar Caomhantais Ailtireachta, agus tá oibreacha teoranta beartaithe don limistéar sin.

Déanfar an méid seo an leanas san fhorbairt a bheartaítear:

i. Leagfar an staid agus na struchtúr reatha atá ar an láithreán;
ii. Tógfar staid nua ina mbeidh spás do thuairim is 8,034 duine (tuairim is 6,240 suíochán agus tuairim is 1,794 áit seasaimh), mar aon le tuilsoilsiú nua-aimseartha agus áiseanna gaolmhara;
iii. Déanfar an pháirc a threoshuí de réir Ais Thuaidh/Theas (105 méadar x 68 méadar) agus cuirfear páirc féir ghaineamhbhunaithe nua ar fáil;
iv. Soláthrófar limistéar íoslaigh (622 méadar cearnach) chun freastal ar sheomraí gléasta agus ar áiseanna láithreach iomaíochta;
v. Cuirfear áiseanna nua-aimseartha ar fáil lena n-úsáid ag foirne agus oifigigh lá an chluiche;
vi. Cuirfear oifigí cumainn agus siopa táirgí ar fáil do na príomhthionóntaí, an Cumann Peile Boihéamach;
vii. Soláthrófar beár/seomra ócáide agus láithreacha lamháltais sa staid;
viii. Cuirfear 12 spás páirceála do charranna, agus 50 spás do rothair, ar fáil sa láithreán;
ix. Cuirfear áis phobail ar fáil (585 méadar cearnach) thar dhá urlár, lena n-áireofar seomra pobail ilfheidhmeach agus ionad aclaíochta pobail;
x. Soláthrófar bealach poiblí feadh na teorann thoir (a nascann an Cuarbhóthar Thuaidh agus Sráid Chonnacht) ina mbeidh bialanna éagsúla agus plás poiblí nua; agus
xi. An gléasra, fostáisiún, stóráil dramhaíola, tírdhreachú, cóireáil teorann agus soilsiú agus na hoibreacha coimhdeacha láithreáin uile chun an fhorbairt a bheartaítear a éascú.

Féadfar na Pleananna agus na Sonraí i dtaobh na forbartha beartaithe a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ar feadh tréimhse 4 seachtaine ón 06/10/2023, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Cuntar Poiblí, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 agus i Leabharlann Bhaile Phib, Droichead Blacquiere, Siar ón gCuarbhóthar Thuaidh, Baile Phib, D07 VX54.

Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil chun breathnú orthu ar líne ar Citizen Space, https://consultation.dublincity.ie/.

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, tá sé socraithe ag an Údarás Áitiúil nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá molta ar an gcomhshaol, agus mar sin, níl gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30 p.m. an 17/11/2023.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh ar líne ar Citizen Space.